Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11515/22**

**TRANS 506**
**RELEX 1051**
**DELACT 131**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 5056 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 14.7.2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le léarscáileanna táscacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 5056 final.

Faoi iamh: C(2022) 5056 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2022
C(2022) 5056 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14.7.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le léarscáileanna táscacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (dá ngairfear ‛an Rialachán’ anseo feasta), tá léarscáileanna táscacha TEN-T le haghaidh tíortha comharsanacha áirithe a oibríonn i ndlúthchomhar leis an Aontas maidir le saincheisteanna iompair.

Déantar foráil sa Rialachán maidir leis an bhféidearthacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun léarscáileanna táscacha a oiriúnú nó a áireamh bunaithe ar chomhaontuithe ardleibhéil maidir le gréasáin bonneagair iompair idir an tAontas agus na tíortha comharsanacha lena mbaineann (Airteagal 49(6)).

Síníodh comhaontú ardleibhéil den sórt sin idir an tAontas agus an Úcráin an 29 Meitheamh 2022.

An cuspóir atá ann go bhféadfadh an tAontas a chomhar leis an Úcráin a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr.

### 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe d’údaráis inniúla na mBallstát an 8 Aibreán 2022. Thacaigh na Ballstáit d’aon ghuth leis na leasuithe atá beartaithe ar na léarscáileanna. Ghabh roinnt Ballstát buíochas leis an gCoimisiún as an tacaíocht a léiríodh don Úcráin.

### 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe, déantar na léarscáileanna táscacha de thríú tíortha in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán, arna leasú le déanaí, a oiriúnú. Leanann sé an iarraidh ón Úcráin na léarscáileanna atá ann cheana a ailíniú níos fearr le forbairt an bhonneagair sa tír.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14.7.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le léarscáileanna táscacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE[1], agus go háirithe le hAirteagal 49(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 maidir leis an bhféidearthacht léarscáileanna táscacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T) de chuid tíortha comharsanacha sonracha a oiriúnú, nó léarscáileanna nua a chur leo, bunaithe ar chomhaontuithe ardleibhéil maidir le gréasáin bonneagair iompair idir an tAontas agus na tíortha comharsanacha lena mbaineann.

(2) An 29 Meitheamh 2022, síníodh comhaontú ardleibhéil dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 idir an tAontas agus an Úcráin. Baineann an comhaontú maidir leis na hathruithe ar léarscáileanna táscacha TEN-T leis na línte iarnróid, na bóithre, agus le huiscebhealaí intíre a chur san áireamh. Leis na hathruithe ar na léarscáileanna táscacha, ba cheart an tAontas a bheith in ann a chomhar leis an Úcráin a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[1] IO L 348, 20.12.2013, lch. 1

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14.7.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*